

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 1998

GAEILGE - GNÁTHLEIBHÉAL - PÁIPÉAR II  
(110 marc)

DÉ LUAIN, 15 MEITHEAMH - MAIDIN 9.30 go dtí 11.30

(Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga. Caillfear marcanna trí bheith faillioch ann.)  
Ceist 1 agus Ceist 2 a fhreagairt.

**CEIST 1****PRÓS****[55 marc]**

Freagair A agus B anseo.

**A – PRÓS DUALGAIS – (35 marc)**Freagair (a) nó (b) nó (c) anseo.

- (a) (i) "Níl a fhios agam cad é an fad a bhí mé sa leaba an oische sin nuair a dúisfodh mé le torann mór."  
(An Phiaist)

Cén torann mór a bhí i gceist agus cad ba chúis leis? (5 marc)  
 Tabhair cuntas ar ar tharla ina dhiaidh sin sa scéal. (20 marc)

- (ii) "Geallaim duit gur tháinig ionadh orm an chéad uair a chonaic mé bean chéile Fhrainc."  
 Cad a bhí i gceist ag an údar leis an gcaint sin? (10 marc)

**NÓ**

- (b) (i) "Gach tráthnóna an samhradh sin théimis ina nduine is ina nduine amach go dtí an scioból."  
(Iníon Rí na Cathrach Deirge)

Cén fáth a ndéanadh Áine agus a deirfiúracha é sin? (5 marc)  
 Tabhair cuntas ar an gcaoi ar chaith Áine agus a deirfiúracha tráthnóna an tsamhraidi sin.  
(20 marc)

- (ii) "Ghlaoigh Siobhán orm agus d'iarr sí orm suí ar bhruach an locha."  
 Cén t-eolas a thug Siobhán d'Áine an tráthnóna sin? (10 marc)

**NÓ**

- (c) (i) "Bhí aisling ag Deirdre an oische sular tháinig Fearghus go hAlbain."  
(Clann Uisnigh)

Cad a chonaic Deirdre san aisling sin? (5 marc)  
 Tabhair cuntas ar ar tharla roimhe sin sa scéal. (20 marc)

- (ii) Cén cineál duine é Conchúr Mac Neasa, dar leat? Cuir fáthanna le do fhreagra. (10 marc)

## **B – PRÓS ROGNACH – (20 marc)**

Freagair (a) nó (b) ansco.

- (a) (i) Maidir le do rogha ceann amháin de na téamáí seo a leanas, ainmnigh scéal nó gearrscéal nó úrscéal nó dráma Gaeilge (a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa) a bhfuil an téama sin i gceist ann.

[Ní mórfear teideal an tsaothair sin, mar aon le hainm an údair, a scriobh síos go soiléir.]

*brón (nó áthas);                  *fuath;*                  *trócaire (nó míthrócaire);*  
*cur i gcéill;*                  *bród;*                  *saibhreas.*                  (2 mharc)*

- (ii) Tabhair cuntas gairid ar a bhfuil sa saothar sin faoin *téama* atá roghnaithe agat. (18 marc)

NÓ

- (b) Maidir le saothar tuairisciúil Gaeilge ar bith (a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa), tabhair **cuntas gairid** ar rud **amháin** ann a bhraith tú a bheith suimiúil, agus ar na fáthanna ar bhraith tú é a bheith suimiúil.

[Ní mór teideal an tsaothair sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go soiléir.] (2 mharc)

CEIST 2

## — FILIOCHT —

[55 mharc]

Freagair A agus B anseo.

## A – DÁNTA DUALGAIS – (35 mharc)

Freagair (*a*) nó (*b*) anseo.

- (a) (i) Cad is téama, dar leat, don dán *Géibheann* (thíos) ? (5 marc)

(ii) Cad é an mothúchán is láidre sa dán, dar leat?  
Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor dhá fháth.) (12 marc)

(iii) Scríobh nóta faoin úsáid a bhaineann an file as ainmhí mar chainteoir sa dán. (8 marc)

(iv) An maith leat an dán seo?  
Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor dhá fháth.) (10 marc)

# GÉIBHEANN

Ainmhí mé	achanois
ainmhí allta	luímsíos
as na teochreasa	agus breathnaím trí leathshúil
a bhfuil cliú agus cáil	ar an gcrann aonraic sin thall
ar mo scéimh	
chroithfinn crainnte na coille	tagann na céadta daoine
tráth	chuile lá
le mo gháir	
	a dhéanfadh rud ar bith
	dom
	ach mé a lígean amach

## NÓ

- (b) (i) Tá dhá dhearcadh á léiriú sa dán *Éiceolai (thíos)*.  
Mínigh *i d'fhocail féin* cad iad. (8 marc)
- (ii) Inis *i d'fhocail féin* a bhfuil á rá ag an bhfile sa dara véarsa. (9 marc)
- (iii) Scríobh nóta faoi "*cuirim*" (duine amháin) a úsáid i líne 9 den dán, ach "*go mbainfimid*" i líne 15. (8 marc)
- (iv) Cén bhaint atá ag an teideal le hábhar an dáin, dar leat?  
(Is leor dhá phointe i do fhreagra.) (10 marc)

## **ÉICEOLAÍ**

Tá bean béal dorais a choinnionn caoi ar a teach,  
a fear, a mac,  
is a shíleann gairdín a choinneáil mar iad, go baileach.  
Beireann sí deimheas ag an uile rud a fhásann.  
Ní maith léi fiántas.  
Ní fhoighníonn le galar ná smál ná féileacán bán  
ná piast ag piastáil  
is ní maith léi an bláth a ligfeadh a phiotail ar lár.

Cuirim feochadáin chuici ar an ngaoth.  
Téann mo sheilidí de sciurd oíche ag ithe a cuid leitise.  
Síneann na dríseacha agamsa a gcosa faoin bhfál.  
Is ar an bhféar aici siúd a dhéanann mo chaorthainnse  
cuileanna glasa a thál.

Tá bean béal dorais a choinneodh a gairdín faoi smacht  
ach ní fada go mbainfimid deireadh dúil dá misneach.

### **B – DÁNTA ROGNACHA – (20 marc)**

Maidir le dán Gaeilge ar bith (a ndearna tú staidéar air i rith do chúrsa), tabhair **cuntas gairid** ar an mothúchán (na mothúcháin) a mhúscail an dán sin ionat. (18 marc)

[Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile a chum, a scríobh síos go soiléir.] (2 mharc)